Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**9361/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0131(NLE)**

**CCG 29**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 31 Bealtaine 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 268 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh a mhéid a bhaineann leis an gcinneadh atá beartaithe ag Rannpháirtithe an tSocraithe maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear leo go hOifigiúil |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 268 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 268 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.5.2021
COM(2021) 268 final

2021/0131 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh a mhéid a bhaineann leis an gcinneadh atá beartaithe ag Rannpháirtithe an tSocraithe maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear leo go hOifigiúil**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le cinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh ag an gCoimisiún thar ceann an Aontais Eorpaigh i gcomhthéacs an tSocraithe maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear leo go hOifigiúil (an 'Socrú') a mhéid a bhaineann le cinneadh atá beartaithe chun forálacha an tSocraithe i ndáil le rátaí úis a leasú. Leagtar síos sna forálacha sin rátaí íosta na Rátaí Tagartha don Ús Tráchtálach ('CIRRanna') a bhfuil feidhm acu maidir le tacaíocht mhaoinithe oifigiúil le haghaidh creidmheasanna onnmhairiúcháin. Leis an gcinneadh atá beartaithe, dhéanfaí cleachtais i measc daoine a chloíonn leis an Socrú a chomhchuibhiú agus d'áiritheofaí téarmaí agus coinníollacha a léiríonn téarmaí agus coinníollacha na margaí airgeadais príobháideacha.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear leo go hOifigiúil

Is comhaontú oinigh é an Socrú idir an tAontas, na Stáit Aontaithe, Ceanada, an tSeapáin, an Chóiré, an Iorua, an Eilvéis, an Astráil, an Nua-Shéalainn agus an Tuirc, comhaontú a bhfuil sé d'aidhm aige creat a sholáthar le haghaidh úsáid ordúil na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil. Ciallaíonn sé sin, sa chleachtas, cothroime iomaíochta a leagan síos (de bharr iomaíocht a bheith bunaithe ar phraghas agus ar cháilíocht na n-earraí agus na seirbhísí a onnmhairítear agus gan í a bheith bunaithe ar na téarmaí airgeadais a chuirtear ar fáil), agus ag an am céanna obair chun deireadh a chur le fóirdheontais agus leis an saobhadh trádála a bhaineann le creidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil. Is i mí Aibreáin 1978 a tháinig an Socrú i bhfeidhm, is éiginnte an tréimhse ama atá luaite leis, agus cé go bhfaigheann sé tacaíocht riaracháin ó Rúnaíocht ECFE, ní Gníomh de chuid ECFE é[1].

Is socrú é atá faoi réir nuashonruithe rialta lena gcuirtear san áireamh an margadh airgeadais agus forbairtí beartais a dhéanann difear do sholáthar creidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil. Rinneadh an Socrú a thrasuí, agus dá bhrí sin, le Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, rinneadh socrú ceangailteach de go dlíthiúil san Aontas[2] [3]. Trí bhíthin Gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 2 den Rialachán seo, ionchorpraítear athbhreithnithe ar théarmaí agus ar choinníollacha an tSocraithe i ndlí an Aontais.

### 2.2. Rannpháirtithe an tSocraithe maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear leo go hOifigiúil

Déanann an Coimisiún Eorpach ionadaíocht thar ceann an Aontais i gcruinnithe rannpháirtithe an tSocraithe (na 'Rannpháirtithe'), agus sna nósanna imeachta i scríbhinn le haghaidh cinnteoireacht a dhéanann Rannpháirtithe an tSocraithe freisin. Is de chomhthoil a ghlactar cinntí maidir le gach leasú a dhéantar ar an Socrú. Glacann an Chomhairle seasamh an

---

[1] Faoi mar a shainmhínítear in Airteagal 5 de Choinbhinsiún ECFE.

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le treoirlínte áirithe a chur i bhfeidhm i réimse na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2001/76/CE ón gComhairle agus 2001/77/CE ón gComhairle (IO L 326, 8.12.2011, lch. 45).

[3] San am atá caite, is trí bhíthin Cinntí ón gComhairle a trasuíodh leaganacha níos sine de Shocrú ECFE i ndlí an Aontais.

Aontais agus pléann na Ballstáit é i Meitheal na Comhairle um Chreidmheasanna Onnmhairiúcháin[4].

Le pointe (a) d'Airteagal 68 den Socrú déantar foráil go 'nDéanfaidh na Rannpháirtithe an córas lena leagtar síos CIRRanna a athbhreithniú go rialta chun a áirithiú go léiríonn na rátaí fógartha coinníollacha reatha an mhargaidh agus go gcomhlíonann siad na haidhmeanna is bonn faoi na rátaí atá i bhfeidhm. Leis na hathbhreithnithe sin freisin cumhdófar an corrlach a bheidh le cur isteach nuair a chuirfear na rátaí sin i bhfeidhm'.

### 2.3. Gníomh beartaithe Rannpháirtithe an tSocraithe maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear leo go hOifigiúil

Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an gcóras CIRR ó thús 2014. Is éard atá i CIRRanna rátaí úis íosta seasta a fhéadtar a thairiscint mar chuid de chonradh maoinithe onnmhairiúcháin le taca rialtais. Socraítear CIRRanna le haghaidh gach airgeadra de chuid Rannpháirtithe an tSocraithe. Ag an 127ú cruinniú a bhí ag na Rannpháirtithe, cruinniú a tionóladh i mí an Mheithimh 2014, chuir na Rannpháirtithe de chúram ar na Saineolaithe Teicniúla do na Rannpháirtithe (‘TEP’) athbhreithniú a dhéanamh ar na disciplíní sa Socrú maidir le CIRRanna.

Is athchóiriú cuimsitheach a bheadh in athchóiriú CIRR lena gcumhdófaí gnéithe oibríochtúla (e.g. módúlachtaí mar na rátaí úis a choinneáil agus a shocrú), chomh maith le gnéithe struchtúrtha (e.g. bonnrátaí, corrlaigh agus formhuirir). Is é is aidhm d'athchóiriú CIRR cleachtais iasachtaithe a chomhchuibhiú i measc na Rannpháirtithe agus na CIRRanna a thabhairt níos gaire do rátaí an mhargaidh. Na forálacha atá beartaithe maidir le CIRRanna, is forálacha iad a bheadh infheidhme maidir le gach idirbheart, ach amháin idirbhearta a chumhdaítear le Tuiscint Earnála do Longa agus le Tuiscint Earnála d'Aerárthaí Sibhialta.

Ag an 141d Cruinniú de na Rannpháirtithe a tionóladh i mí an Mheithimh 2019, thíolaic Cathaoirleach TEP dréacht-togra ón gCathaoirleach maidir le hathchóiriú CIRR lena bhféachtar le cothromaíocht a bhaint amach idir leasanna éagsúla agus dearcthaí a cuireadh in iúl le linn na hoibre teicniúla. Thug na Rannpháirtithe tacaíocht ghinearálta do dhréacht-togra an Cathaoirligh, ach bhí roinnt saincheisteanna gan mórán suntais fós le réiteach. Ag cruinniú na Rannpháirtithe i mí na Samhna anuraidh, tháinig tuairimí na Rannpháirtithe le chéile. Tá Rannpháirtithe an tSocraithe chun cinneadh a ghlacadh maidir leis an dréacht-togra comhréitigh trí nós imeachta i scríbhinn.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Le Comhaontú EDT maidir le Fóirdheontais agus le Bearta Frithchúitimh (‘ASCM’) cuirtear díolmhú ar fáil don Socrú sa liosta léiritheach fóirdheontas onnmhairiúcháin, ar choinníoll nach meastar cleachtas creidmheasa onnmhairiúcháin atá i gcomhréir le forálacha an tSocraithe a bheith ina fhóirdheontas onnmhairiúcháin a thoirmisctear le ASCM. Ciallaíonn sé sin i gcás go bhfuil Comhalta EDT ina Rannpháirtí sa Socrú, agus más rud é go bhfuil a chleachtas creidmheasa onnmhairiúcháin i gcomhréir leis an Socrú, nó sa chás go gcuireann Comhalta EDT cleachtais ráta úis i bhfeidhm i gcomhréir le forálacha an tSocraithe, ní mheastar a chleachtas creidmheasa onnmhairiúcháin a bheith ina fóirdheontas onnmhairiúcháin. Tugann sin tábhacht ar leith do na forálacha atá sa Socrú maidir le rátaí úis.

Níl aon athrú déanta ar fhorálacha maidir leis na CIRRanna le tamall fada anuas agus ní mór athchóiriú cuimsitheach a dhéanamh orthu. An chinntitheacht atá in earnáil an chreidmheasa trádála i bhfoinsiú na gcinntí sa trádáil dhomhanda, is rud é atá ag méadú leis le tamall, agus

[4] Cinneadh ón gComhairle lena gcuirtear ar bun Grúpa Comhordaithe Beartais um Árachas Creidmheasa, Ráthaíochtaí Creidmheasa agus Creidmheasanna Airgeadais (IO 66, 27.10.1960, lch. 1339).

tá réimse leathan táirgí airgeadais agus struchtúr conarthaí á dtairiscint i margaí airgeadais príobháideacha dá bharr sin. Chun comhréireacht a áirithiú, ní mór na forálacha maidir le rátaí úis an tSocraithe a oiriúnú go tréimhsiúil do na cleachtais mhargaidh atá ag forbairt. Ní dhéantar leis an Socrú ach na prionsabail ghinearálta a leagan amach nuair a chuirtear iasachtú le taca rialtais ar fáil ag rátaí seasta úis agus is ar ghnéithe struchtúracha a dhíríonn an Socrú. Ós amhlaidh a chuireann na Ballstáit níos mó CIRRanna ar fáil ná formhór na Rannpháirtithe eile, agus chun cleachtais a chóineasú laistigh den Aontas, chomhaontaigh na Ballstáit go neamhfhoirmiúil maidir le sraith rialacha lena gcumhdaítear gnéithe oibríochtúla chóras CIRR, mar chomhlánú ar na forálacha sa Socrú. De bhreis ar an Socrú agus ar threoirlínte neamhfhoirmiúla an Aontais, tá rialacháin náisiúnta CIRR glactha ag formhór na mBallstát.

Leis an gcinneadh atá beartaithe faoi athchóiriú CIRR, bheadh foráil ann do nuashonrú níos mionsonraithe agus níos cuimsithí ar IARSCRÍBHINN XVI den Socrú. Chlúdóidís sin na costais a thabhaíonn an t-iasachtóir sula síníonn ceannaitheoir conradh onnmhairiúcháin (e.g. rialacha maidir le táillí íosta a ghearrtar as an ráta úis a thairiscint agus a shocrú), chomh maith le rialacha maidir le conas an ráta úis a ríomh, rud a fhreagraíonn don toradh ar bhanna rialtais móide corrlach a chumhdóidh costais chistiúcháin eile. Trí chomhpháirteanna a dhéanann difear do na costais chistiúcháin a ionchorprú, tá sé d'aidhm ag athchóiriú CIRR comhleanúnachas níos fearr a shocrú sna téarmaí agus sna coinníollacha a chuireann GCOnna ar fáil agus, ar an gcaoi sin, cothroime iomaíochta a áirithiú i measc Rannpháirtithe an tSocraithe. Sin mar a dhéanfaidh an t-athchóiriú raon feidhme a chúngú ar na Ballstáit chun forálacha CIRRanna ar an leibhéal náisiúnta a chur in oiriúint do riachtanais shonracha an tionscail baile. Tá idirthréimhse dhá bhliain á bheartú chun am a thabhairt do ghníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin a thairgeann iasachtú díreach iad féin a chur in oiriúint do na treoirlínte nua.

I mbeagán focal, is éard atá á thabhairt i gceist leis an gcinneadh atá beartaithe maidir le hathchóiriú CIRR rialacha maidir le gnéithe oibríochtúla agus struchtúracha araon, ar rialacha iad lena soláthrófar comhleanúnachas beartais níos fearr agus lena gcuirfear feabhas ar an gcothrom iomaíochta i measc na Rannpháirtithe. Dá bhrí sin, is é seasamh ón Aontas a mholtar an cinneadh atá beartaithe ag Rannpháirtithe an tSocraithe a fhormheas trí nós imeachta i scríbhinn chun treoirlínte nua maidir le CIRRanna a ghlacadh.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

Foráiltear in Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) do chinntí lena mbunaítear 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Áirítear ar na 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear orthu freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach 'a bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh'[5].

[5] Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

*4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

D'fhéadfadh an gníomh atá beartaithe tionchar cinntitheach a bheith aige ar ábhar reachtaíocht an Aontais, eadhon Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le treoirlínte áirithe a chur i bhfeidhm i réimse na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2001/76/CE ón gComhairle agus 2001/77/CE ón gComhairle. De bhua Airteagal 2 den Rialachán seo, sin é an fáth a shonraítear go 'nglacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 3 chun Iarscríbhinn II a leasú mar thoradh ar leasuithe ar na treoirlínte arna gcomhaontú ag Rannpháirtithe an tSocraithe'.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

## 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, is ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe atá sé ag brath go príomha, dhá rud a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, eadhon an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

*4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is le creidmheasanna onnmhairiúcháin a bhaineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe, gníomh a thagann faoi raon feidhme an chomhbheartais thráchtála. Dá bhrí sin, is é Airteagal 207 CFAE an bunús dlí substainteach atá faoin gcinneadh atá molta.

## 4.3. Conclúid

Is í an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE ba cheart a bheith ina bunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

2021/0131 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh a mhéid a bhaineann leis an gcinneadh atá beartaithe ag Rannpháirtithe an tSocraithe maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear leo go hOifigiúil

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh na treoirlínte atá sa Socrú maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear leo go hOifigiúil ('an Socrú') a thrasuí, agus dá bhrí sin, rinneadh ceangailteach go dlíthiúil iad san Aontas Eorpach le Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6].

(2) I gcomhréir le hAirteagal 63 den Socrú, ba cheart do Rannpháirtithe an Socraithe (na 'Rannpháirtithe') an córas lena leagtar síos CIRRanna a athbhreithniú go rialta chun a áirithiú go léiríonn na rátaí fógartha coinníollacha reatha an mhargaidh agus go gcomhlíonann siad na haidhmeanna is bonn faoi na rátaí atá i bhfeidhm. Leis na hathbhreithnithe sin, an corrlach a bheidh le cur isteach nuair a chuirfear na rátaí sin i bhfeidhm, ba cheart an corrlach sin a chumhdach freisin.

(3) Déanfaidh na Rannpháirtithe cinneadh trí nós imeachta i scríbhinn maidir le cinneadh atá beartaithe chun na forálacha sa Socrú i ndáil le CIRRanna a leasú.

(4) Leis an gcinneadh atá beartaithe chun na forálacha maidir le CIRRanna a athchóiriú, ba cheart comhleanúnachas beartais níos fearr a sholáthar, mar aon le cleachtais iasachtaithe a chomhchuibhiú, ionas go mbeidh feabhas ar an gcothrom iomaíochta i measc na Rannpháirtithe. Thairis sin, na rátaí úis sheasta a thairgtear in idirbhearta creidmheasa onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil, is rátaí iad ba cheart a thabhairt níos gaire do rátaí an mhargaidh, sin agus a áirithiú go bhfuil siad níos oiriúnaí do na téarmaí agus na coinníollacha atá ar fáil sa mhargadh airgeadais príobháideach. Ba cheart go dtabharfadh idirthréimhse dhá bhliain an t-am do na gníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin na treoirlínte nua a ghlacadh agus a chur in iúl.

(5) An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, is iomchuí é a bhunú i nós imeachta i scríbhinn de chuid Rannpháirtithe an tSocraithe, toisc go bhféadfaidh an cinneadh atá beartaithe tionchar cinntitheach a bheith aige ar ábhar dhlí an Aontais, de bhua Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011,

[6] Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le treoirlínte áirithe a chur i bhfeidhm i réimse na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2001/76/CE ón gComhairle agus 2001/77/CE ón gComhairle (IO L 326, 8.12.2011, lch. 45) ('Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011').

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is ar an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a bhunófar an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i nós imeachta i scríbhinn de chuid Rannpháirtithe an tSocraithe maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear leo go hOifigiúil a mhéid a bhaineann leis an gcinneadh atá beartaithe chun na forálacha maidir leis na CIRRanna a leasú.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*